**Ainm:** ________________________________ **Rang:** ______________________

1. Cén cúige ina bhfuil Aontroim? Ciorclaigh!

Uladh

Connacht Laighean

Mumhan

2. Ciorclaigh Contae Aontroma sa léarscáil thíos:



3. Cad é mana Chontae Aontroma?

Cuir tic i mbosca amháin

| | |
|---|---|
| Contae na Lochanna | ☐ |
| Ní thagann toradh gan dua | ☐ |
| Trí eagna is stumacht | ☐ |
| Trí thriail go bua | ☐ |

4. De réir an fhíseáin, cad iad an dá chontae ar theorainn Aontroma?

___

5. Féach ar an léarscáil thuas, cén contae a bhfuil teorainn uisce aige le hAontroim?

___

6. Maitseáil na boscaí

| | |
|---|---|
| Airde Trostáin? | 1912 |
| Líon na n-oileán ar an chosta? | 650,000 |
| Cá mhéad duine atá ina gcónaí in Aontroim, chomh cruinn agus is féidir? | 551 |
| An bhliain inar tógadh an Titanic? | 6 |

7. As an liosta thíos roghnaigh dathanna Chontae Aontroma? Cuir líne faoin cheann ceart

Oráiste agus Bán

Bán agus Gorm

Cróchbhuí agus Bán

Bán agus Glas

8. **Ainmnigh áit choitianta turasóireachta UNESCO i gContae Aontroma**?

___

**Ceisteanna Dúshlanacha:**

9. **'Tógadh an Titanic clúiteach nó míchlúiteach b'fhéidir, in 1912.' Cad é a chiallaíonn an focal míchlúiteach?**

___________________________________________

10. **Cad é an t-ainm atá ar an chathair is mó i gContae Aontroma?**

__________________________________________________

## Léamhthuiscint:

## Benandonner

Bhí Benandonner ina sheasamh ar chosta na hAlbain nuair a chuala sé slaparnach millteanach san fharraige. Thug sé faoi deara fear ollmhór ag tógáil clocháin trasna na farraige.

"Ná déan sin gan chead!" a scairt sé.

Ach níor stop an fear eile. "Is mise Fionn Mac Cumhaill, agus ní stopfaidh mé go raibh an clochán críochnaithe."

Thosaigh an bheirt ag argóint le chéile, agus bhí a nglórtha le cluinstin mar mhacalla trasna na farraige.

"Beidh troid againn!" A scairt Benandonner.

"Déanaimis sin!" a scread Fionn ar ais, agus shiúil sé trasna an chlocháin i dtreo Albain.

Ach nuair a chonaic Fionn chomh mór leis an fhathach mór Albanach, chúlaigh sé le heagla.

Chúlaigh sé arís, agus an fathach mór eile sa tóir air.

Nuair a bhain Fionn a theach féin amach d'iarr sé ar an chéile cliste Úna cuidiú leis éalú ón fhathach.

Chuala Úna búir thoirniúil an fhathaigh ag teannadh leo. Bhí ciseán lán éadaí aici a bhí le crochadh amach agus d'iarr sí ar Fhionn dul isteach sa chiseán agus chlúdaigh sí le braillín é.

Tháinig Benandonner isteach sa ghairdín agus chuir Úna fáilte roimhe. Rinne sí leithscéal go raibh a fear céile amuigh ag seilg fia.

Chonaic an fathach mór Albanach bogadh sa chiseán in aice le hÚna.

"Cad é sin?" a d'fhiafraigh sé di.

"Ó, sin é mo bhabaí beag, tá sé ina chodladh anois níor mhian liom é a mhúscailt."

D'amharc Benandonner ar an bhabaí sa chiseán.

"Sin é do bhabaí?" a dúirt sé, agus iontas an domhain air.

Tháinig scaoll air nuair a shamhlaigh sé chomh mór agus a bheadh a athair.

"Gabh mo leithscéal a bhean uasal, ach caithfidh mise imeacht anois láithreach – creidim gur fhág mé pota ar an sorn!"

Leis sin, d'éirigh sé agus rith sé leis an méid a bhí ina chnámha ar ais go hAlbain.

1. Cad é an tír arbh as Benandonner?

___

2. Cad é an t-ainm a bhí ar bhean chéile Fhionn Mhic Chumhail?

___

3. Cén fáth ar chúlaigh Fionn nuair a chonaic sé Benandonner?

___

4. Cad é mar a chuidigh Úna le Fionn éalú ón fhathach?

___

5. Bhí argóin theasaí idir an bheurt acu, bhí a nglórtha le cluinstin mar mhacalla trasna na farraige.

Cad é a léiríonn an focal *macalla* san abairt thuas?

___

6. Cad é an difear is mó idir Fionn agus Úna sa scéal?

## Tasc Taighde

1. Tá dhá chomhlong ag an Titanic. An féidir leat ainmneacha na long sin a aimsiú agus cad é a tharla dóibh?

______________________________________________________________

1. 'Tá sé oileán ar chosta Aontroma agus is é Reachlainn an ceann is mó.'

An féidir leat ainmneacha na n-oileán eile a aimsiú.

______________________________________________________________

## Gramadach

### Sprioc litearthachta

| **Sprioc:** | **Fuaimfhoclaíocht** |
|---|---|
| **Ciall:** | **Ciúta litearthachta a úsáideann focail a fhuaimníonn cosúil leis an rud a bhfuil tú ag caint air.** |
| **Sampla 1** | **Chuala sé pleist nuair a shiúil sé sa chlábar.** |
| **Sampla 2** | **Bhain sí smeach as a méara.** |
| **Sampla 3** | **Rinne sé cnagarnach nuair a d'ith sé brioscáin.** |

Scríobh sampla amháin eile ag úsáid fuaimfhoclaíochta

1. ______________________________
2. ______________________________
3. ______________________________

An féidir leat do scéal féin a scríobh ag úsáid na samplaí fuaimfhoclaíochta thuas?


Bain triail as ceann de na roghanna seo.

Rogha 1 Fionn Mac Cumhaill agus an Fathach mór arís eile.

Rogha 2 Fionn Mac Cumhaill agus dineasár_a tháinig ar ais chun beatha agus a d'éalaigh as Iarsmalann Uladh.

Rogha 3 Fionn Mac Cumhaill agus arracht.

Rogha 4 Fionn Mac Cumhaill agus do rogha féin.




Foghlaim TG4

| | |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |